Kilkenny Archaeological Society

Focal Gomhairle O'N Iar-Rmai

Ar Lorg an tSeanchai

B'in ainm leabhair Gaeilge i bhfichidi na haoise seo agus ar ndo d'oirfeadh an teideal ceanna don te a bhuaileann amach soir is siar ar thoir bealoidis is bri logainmneacha. Is fearr an da shaigheas cnuasach seo a dheanamh i dteannta a cheile mar is minic gur mo go mor an t-suinn a bhionn ag cuid dena seandaoine se bhealoideas is stair-sheanchas na mar a bhionn aca i logainmneacha. Is tairbheach an t-eolas ata le fail i gconai (ce gur i mBearla ar fad e) agus is iontach go deo e an meas ata ag seanoiri in aois a ceithre scor, ar chursai an t-saoil maidir le nosai is beasai muintir na tuaithe le linn a n-oige. Ni taise doibh ach an oiread fe chursai feirmeoireachta ce go n-admhoidis gur soculach an saol ata ann anois seachas an sclabhaiocht a theadh le cur is baint barrai is oiluint stoc blianta o shoin. Failte is fiche a bhionn roimh an te a bhionn ar thoir eolais, is cuma da mba i lar an laeghil a bhuailfi isteach tre gheata ti cois bothair no ar chul cnoic. Ach ag an am gceanna is fearr tranona no oiche Domhnaigh, no oiche ar bith i rith na seachtaine, don obair seo; ni maith in aochor tranona Shathrain mar is intuigthe go mbionn gleithearan ar mhuintir na tuaithe fen am seo ag cur rudai i gcrich don Domhnach.

Is mor an chabhair don fhiosritheoir bheith eolasach ar an dtir timpeall agus ar chursai reatha aitiula, muna mbionn aoinne de mhuintir na haite in a theannta. Is fearr na e sin airis do, bheith direach neamhchlaonta ina raiteas agus gan a bheith ro-bhealscaoilte le linn an agallaimh. Maidir be bailiu logainmneacha ni maith an rud tabhairt fe cheartu bri tearmai a tugtar ag seanoiri ach na fuaineanna is pe eolas a gheibhtear a bhreachadh sios direach man a bhionn aca, chun cogaint is machtnamh a dheanamh ortha ar ball.

Ni neol duinn aon chaitheamh aimsire nios taitneamhai d'aoinne a churfeadh speis ann. Is mo saigheas duine a chastar ar thurasanna o am go h-am, cuid aca meidhreach, cuid aca aerach go leor, cuid aca aigheasach fena d'tuairimi fein ach iad uilig lach macanta. Ni fearr rud a dheanfadh bailitheoir na treithre an duine a ceistitear a choimead i gcul a chinn chun breachaithe, mar is aoibhinn dul siar ar an gcuntas anois is airis. Nil dabht ar domhan nach bhfuil neart eolais ar fail nach statistic iad is nar foillsiodh i leabrara ariamh.

EOIN O CEALLAIGH

Runai onorach do Chumann Seandalaiochta Cill Chainnigh 1953-1963. Muinteoir ceardscoile, gearr-scealai agus taighdeoir log-ainmneacha e. " Ta an Fainne Oir ceanna agam o 1922—i gCampa Geibhinn a bronnadh orm e—ach nil an pictiur seo chomh seanda sin," adeir se fein.